# Polasaí Fionraíochta agus Díbeartha

# Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin

## 1.Ginearálta

### 1.1 Sainmhínithe

Ar mhaithe leis an bpolasaí seo;

1. Is éard is brí le **Fionraíocht** ná cead a bhaint ó dhalta freastal ar an scoil seo ar feadh tréimhse áirithe.
2. Is éard is brí le **Díbirt** ná dalta a eisiú go buan ón scoil seo.

### 1.2 Scóp

1. Baineann an polasaí seo le daltaí Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin, lena dtuismitheoirí/caomhnóirí, leis an bhfoireann scoile uilig agus le Bórd Bainistíochta na scoile.
2. Tá sé de cheart ag dalta atá ocht mbliana déag nú níos sine ionadaíocht a dhéanamh ar a s(h)on féin i gcás na próiséas a leagtar síos sa Pholasaí seo.
3. Cruthaíodh an polasaí seo tríd a bheith i gcomhairle leis na páirtnéirí leasmhara scoile go léir, an Bord Bainistíochta, an fhoireann, tuismitheoirí agus daltaí san áireamh.

### 1.3 Réasúnaíocht

Tá an ceart ag gach dalta i nGaelcholáiste Charraig Uí Leighin a bheith in ann foghlaim i dtimpeallacht shábháilte a chothaíonn an fhoghlaim. Leagann an Cód Iompair amach na hionchais atá ag gach dalta ó thaobh iompair de. Tá ról lárnach ag an bpolasaí le hiompar

dearfach a leanann croíluachanna agus éiteas na scoile, le cinntiú go mbraitheann gach dalta sábháilte, le daltaí a chosaint ó bhrú shóisialta a bhainfeadh le droch-iompar, le chomhtháthú a chothú agus dea-chaidreamh a chur chun cinn. Tá an ceart ag gach dalta, múinteoir agus foireann na scoile foghlaim agus obair gan aon chur isteach, scanrú nó leithcheal. D'fhéadfadh cásanna a bheith ann ina mbeadh gá dalta a bhaint ón scoil ar feadh tréimhse áirithe nó go buan ar mhaithe le pobal uile na scoile agus/nó an dalta. Is é fionraíocht/díbirt na roghanna a bheadh ag an bPríomhoide i gcás mar seo. Déanann Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin gach iarracht chun a chinntiú go bhfuil an Polasaí Fionraíochta agus Díbeartha cóir agus cothrom do gach duine. Deineadh an Polasaí seo a dhearadh i gcomhthéacs Riachtanais an Aicht Oideachais (1998) agus an Aicht Leasa Oideachais (2000).

## 1.4 Comhthéacs

Ba chóir an Polasaí seo a léamh i gcomhthéacs na Polasaithe Scoile seo a leanas:

1. An Cód Iompair
2. An Polasaí Bí Cineálta
3. An Beartas um Úsáid Inghlactha na Teicneolaíochta
4. An Beartas i leith na Gaeilge
5. An Chairt um Dhínit Oibre
6. An Stráitéis Tinrimh
7. An Polasaí um Chosaint Leanaí
8. An Polasaí Éide Scoile
9. An Ráiteas Sláinte agus Sábhailteachta
10. An Polasaí Folláine
11. An Polasaí um Úsáid Fóin Póca

## 1.5 Aidhmeanna

Is iad aidhmeanna ár bPolasaí Fionraíochta agus Díbeartha ná:

1. Bunphrionsabail na scoile mar atá meas, cothromaíocht agus ionracas a threisiú;
2. Freagracht na ndaltaí ó thaobh a n-iompair a mhéadú;
3. Próiséis éifeachtúla a chur i bhfeidhm ionas go bhfeidmeoidh an Coláiste go héifeachtúil;
4. Sláinte agus Sábhailteacht gach duine sa scoil a chosaint;
5. Soiléiriú a thabhairt do thuismitheoirí, do dhaltaí, do mhúinteoirí agus do bhainistíocht na scoile ar Pholasaí Fionraíochta agus Díbeartha na scoile.
6. Deis a thabhairt do dhalta machnamh a dhéanamh ar a n-iompar, freagracht a ghlacadh as, agus freagracht a ghlacadh as a n-iompar a athrú ar mhaithe leis/leí féin agus chun ionchais na scoile a chomhlíonadh.

## 2. Fionraíocht

Is ar an bPríomhoide atá an fhreagracht dalta a chur ar fionraí, nó i gcás a neamhláithreacht, an Phríomoide Feidhmeach. Tá an ceart ag tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) (nó ag an dalta féin i gcás iad a bheith ocht mbliana déag d'aois nó níos sine) achomharc a dhéanamh chuig an Bórd Bainistíochta.

### 2.1 Cúiseanna Fionraíochta

Tá liosta de chúiseanna thíos ar a bhféadfadh an Príomhoide machnamh a dhéanamh ar dalta a chur ar fionraí.

a) Má tá baol sláinte agus sábháilteachta don dalta nó ar aon bhall eile de phobal na scoile;
b) Aon bhriseadh rialacha tromchúiseach den Chód iompair;
c) Briseadh rialacha nach iad na cinn is tromchúisí iad ach atá athfhillteach. Sa chás seo, ní léiríonn iompar an dalta feabhas fiú tar éis gabháil trí gach smachtbhanna de chuid an Chód Iompair seachas fionraíocht, a thógaint;
d) Iompar nó caint maslach dírithe ar aon bhall de phobal na scoile;
e) Maistíneacht leanúnach;
f) Ag caitheamh tobac, ag vapáil nó ag baint úsáid as aon thairge nicitín in aon áit ar scoil, ar thurasanna scoile nó ag imeachtaí scoile;
g) Ag fágaint na scoile ag am sosa nó am lóin gan cead;
h) Alcól nó aon substaint mídhleathach a bheith ag an dalta ar scoil, ar thurasanna scoile, ag imeachtaí scoile nó aon uair ina bhfuil éadaí na scoile á chaitheamh;
i) A bheith ag troid;
j) Damáiste á dhéanamh do mhaoin na scoile;
k) Aon chur isteach ar chóras alaraim slándála nó alaram tine na scoile;
l) Úsáid mhíchuía bhaint as gléas/rud;
m) Neamhfhreastal scoile.
n) Iompar bagairteach agus/nó drochídeach.

Ní liosta uileghabhálach é seo.

### 2.2 Roimh Fionraíocht

Cinnteoidh an Príomhoide go mbeidh:

a) Deis ag an dalta mionchuntas a scríobh faoin eachtra;
b) Gach rogha smachtúil sa Chóid Iompair churtha i bhfeidhm agus taifead déanta orthu;
c) Gach ball den fhoireann thacúil chuí páirteach.
d) Plé déanta leis an dalta agus an tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) ar an ndrochiompar faoi leith nách bhfuil inghlactha agus a d'fhéadfadh leanúint chun fionraíocht;
e) Foláireamh foirmeálta i scríbhinn foráilte, ag déanamh cur síos ar an iompar, chomh maith le hionchais shoiléire sa todhchaí (seachas i gcásanna d'iompair tromchúisigh);

f) Taifead déanta ar gach cinneadh agus céim;
g) Cóip déanta de gach comhfhreagras.

D'fhéadfadh fionraíocht láithreach a bheith oiriúnach i gcásanna áirithe.

## 2.3 An Próiséis Fionraíochta

1. Cuireann an Ceann Bliana agus na muinteoirí chuí an dalta faoi agallamh chun deis a thabhairt don dalta cur síos a dhéanamh ar an eachtra/na heachtraí, agus leanfar na céimeanna i Roinn 2.2 mar is chuí.

2. Beidh Plé déanta leis an dalta agus an tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) ar an ndrochiompar faoi leith nách bhfuil inghlactha agus a d'fhéadfadh leanúint chun fionraíocht faoin am seo;

3. Déanann an Príomhoide cinneadh an dalta a chur ar fionraí, más gá, tar éis an agallaimh seo.

4. Cuirtear an dalta san eolas ar cad is cúis leis an bhfionraí.

5. Cuirtear tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) san eolas trí ghlaoch gutháin, agus le litir sa phost/ephost a sheoladh chomh maith an lá céanna. Tugtar cuireadh dó/di/dóibh teacht chuig na scoile le haghaidh cruinniú leis an bPríomhoide agus/nó an Príomhoide Tánaisteach agus/nó an Ceann Bliana.

6. Beidh an t-eolas seo thíos, nú cuid de, ag brath ar a oiriúnaí, sa litir:

    - Fógra fionraíochta;
    - An dáta a thosnaíonn an téarma fionraíochta;
    - Fad an téarma fionraíochta;
    - An chúis/na cúiseanna a bhaineann leis an bhfionraí a chur i bhfeidhm;
    - Cad leis a bhfuiltear ag súil ón dalta agus é/í ar fionraí (Seans go mbeidh Plean Staidéara iataithe);
    - Ráiteas go bhfuil an dalta faoi chúram a t(h)uismitheoir(í)/c(h)aomhnóir(í) i rith an téarma fionraíochta;
    - Cad leis a bhfuiltear ag súil ón ndalta ar fhilleadh ar an ar scoil dó/di;
    - Ráiteas go bhfuil eolas curtha chuig an Bord Leasa Oideachais maidir leis an bhfionraíocht;
    - Eolas faoi chearta achomhairc.

7. Ní chuirtear dalta abhaile i rith an lae riamh, ach amháin i gcás go mbailíonn tuismitheoir/caomhnóir an dalta sin. Seachas sin, d'fhéadfaí dalta a bhaint ón rang agus feitheoireacht a bheith curtha i bhfeidhm dó/di go dtosnaíonn an téarma fionraíochta.

8. Tá dualgas ar an bPríomhoide an Oifigeach Leasa Oideachais a chur san eolas má bhíonn an dalta ar fionraí ar feadh 20 lá nó níos mó san iomlán sa bhliain scoile.

9. Eagraítear cruinniú leis an bPríomhoide, an Príomhoide Tánaisteach, an dalta agus a t(h)uismitheoir(í)/c(h)aomhnóir(í) sula bhfilleann an dalta ar ais ar scoil, áit a leagtar síos ionchais na scoile don dalta.

## 2.4 Cúiseanna le Téarma Fionraíochta a bhaint

1. Achomharc rathúil.
2. Má thagann eolas nua chun solais a d'fhéanfadh leasú ar choinne an Choiste Iompair.

## 2.5 Achomhairc

Éilíonn Prionsabail an Cheartais Aiceanta go bhfuil cearta achomhairc chuig Árd-Údarás ag an uile dhuine. Sa chás go ngearrtar téarma fionraíochta ar dhalta, tá an ceart ag an dalta sin achomharc a dhéanamh don údarás cuí sa chás go bhfuil sé/sí os cionn ocht mbliana déag d'aois nó ag a t(h)uismitheoir(í)/c(h)aomhnóir(í) sa chás go bhfuil sé/sí níos óige ná sin.

### 2.5.1 Téarma Fionraíochta níos giorra ná 6 lá:

a) Sa chás seo, is féidir le tuismitheoir(í)/caomhnóir(í), nó an dalta féin sa chás go bhfuil sé/sí ocht mbliana déag d'aois nó níos sine, achomharc a dhéanamh chuig an Príomhoide.

b) Déantar achomharc i scríbhinn laistigh de sheacht lá ón am a ghearrtar an fionraí ar an ndalta, ag míniú cúiseanna an chomhairc árá na cúiseanna go bhfuil an achomharc á dhéanamh.

c) Fanann an dalta sa bhaile fad is atá próiséis achomhairc ar siúl.

d) Buaileann an Príomhoide leis na tuismitheoirí/caomhnóirí nó leis an dalta féin sa chás go bhfuil sé/sí ocht mbliana déag nó níos sine.

e) Déanann an Príomhoide cinneadh ar cheart glacadh leis an achomharc.

f) Sa chás go nglacann an Príomhoide leis an achomharc, baintear an fionraí ó thaifead an dalta agus filleann an dalta ar ais ar scoil láithreach.

g) Sa chás go bhfuil an téarma fionraíochta déanta ag an dalta, níl aon leigheas ar an scéal ach an fionraí a bhaint ó thaifead an dalta.

**2.5.2 Téarma Fionraíochta 6 lá nó níos faide ar fhad/Téarma Fionraíochta a chiallaíonn go bhfuil fionraíocht 20 lá nó níos mó ina iomlán sa bhliain scoile sin:**

a) Sa chás seo, déanann na tuismitheoirí/caomhnóirí, nó an dalta féin sa chás go bhfuil sé/sí ocht mbliana déag d'aois nó níos sine, achomharc chuig an Bórd Bainistíochta.

b) Caithfear an achomharc seo a chur i scríbhinn laistigh de sheacht lá ón am a ghearrtar an fionraí, ag míniú cúiseanna an achomhairc.

c) Fanann an dalta sa bhaile fad is atá próiséis achomhairc ar siúl.

d) Déanann an Bórd cinneadh ar an achomharc seo tar éis an chéad chruinniú eile den Bhórd, nó cruinniú urghnách den Bhórd. Is féidir leis na tuismitheoirí/caomhnóirí freastal ar an gcruinniú seo ag am ar leith, ach fógra dhá lá a thabhairt go mbeidh siad i láthair ag an gcruinniú.

e) Míneoidh an Príomhoide cúiseanna na fionraíochta ag an gcruinniú seo.

f) Éistítear le hachomharc na dtuismitheoirí/caomhnóirí ag an gcruinniú ansin. Glactar le hachomharc i scríbhinn agus/nó ó bhéal.

g) Ní féidir leis an bPríomhoide tuilleadh páirt a ghlacadh sa phlé seachas soiléiriú a thabhairt ar nithe a éiríonn as achomharc na dtuismitheoirí.

h) Déanfaidh an Bord cinneadh, agus roinnfear an cinneadh seo leis na tuismitheoirí/caomhnóirí.

i) Is féidir leis an mBórd smachtbhanna eile a mholadh.

j) Sa chás go nglacann an Bórd leis an achomharc, baintear an fionraí ó thaifead an dalta agus filleann an dalta ar ais ar scoil láithreach.

k) Fanann an dalta sa bhaile fad is atá an próiséis achomhairc ar siúl. Sa chás go n-éiríonn leis an achomharc, filleann an dalta ar ais ar scoil láithreach. Sa chás go bhfuil an téarma fionraíochta déanta ag an dalta, níl aon leigheas ar an scéal ach an fionraí a bhaint ó thaifead an dalta.

## 2.6 Nósanna imeachta um filleadh an dalta ar scoil

a) B'fhéidir go n-eagrófar cruinniú leis an dalta agus/nú le tuismitheoir(í)/caomhnóir(í), agus an Príomhoide ar an lá a fhilleann an dalta ar an scoil.

b) B'fhéidir go n-iarrfar ar an dalta geallúint dea-iompair a thabhairt i scríbhinn.

c) B’fhéidir go n-iarrfar ar thuismitheoir(í)/caomhnóir(í) agus/nú an dalta coinníollacha aontaithe a shíniú.

# 3. Díbirt

Is é an díbeart an smachtbhanna deiridh agus déanfaidh Bórd Bainistíochta na scoile an cinneadh dalta a dhíbirt ó scoil i gcásanna droch-iompair dáiríre.

Déanfar iniúchadh ar gach cás i gcomhréir na Prionsabail de Chearta Aiceanta. Is iad siúd ná;

1. **Ceart an duine éisteacht a fháil**, agus
2. **Ceart an duine ar iniúcadh agus cinne neamhclaonta a fháil**.

## 3.1 Roimh Díbirt

Cinnteoidh an Príomhoide;

a) Go bhfuil gach rogha smachta sa Chód Iompair curtha i bhfeidhm leis an dalta agus go bhfuil taifead déanta ar gach ceann;

b) Go bhfuil leas bainte as gach tacaíocht chuí inmheánach agus seachtrach;

c) Go bhfuil úsáid uileghabhálach bainte as gach próiséas, atreorú agus tacaíocht don dalta;

d) Gur deineadh plé soiléir leis an dalta agus lena thuismitheoir(í)/caomhnóir(í) ar iompar do-ghlactha ar leith, agus an bhféidearthacht go ndéanfaí an dalta a dhíbirt de bharr an iompair seo.

e) Go bhfuil foláirimh ó bhéal agus i scríbhinn tugtha maidir leis an iompar seo ag na hamantaí chuí, chomh maith le cur síos soiléir ar ionchais na scoile i gcás an dalta seo sa todhchaí;

f) Go bhfuil taifead déanta ar ghach cinne a dhéantar;

g) Go bhfuil cóip de gach comhfhreagairt.

## 3.2 Cúiseanna Díbearta

Molfar don Bhórd Bainistíochta dalta a dhíbirt ón scoil sna cásanna seo a leanas (Ní liosta uileghabhalach é seo);

a) Nuair atá iompar toirmeascach an dalta ag cur cosc ar fhoghlaim daltaí eile agus/nó ar an dteagasc.

b) Nuair atá iompar an dalta dosmachtaithe agus/nó fíor-easumhal i dtreo aon bhall fóirne nó bainistíocht na scoile, agus nuair nách nglacann an dalta le córais nú le húdaráis na scoile.

c) Nuair is cúis bhuartha Shláinte agus Shábháilteachta é an dalta a bheith sa scoil.

d) Nuair nách bhfuil tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) ábalta agus/nó sásta a bheith freagrach as iompar an dalta.

e) Nuair atá an dalta freagrach as damáiste tromchúiseach a dhéanamh do mhaoin.

f) Nuair atá substaint(í) mídleathacha ina s(h)eilbh, á iompar, á dhíol nó á thógaint ag an dalta.

g) Nuair nách gcomhlíonann an dalta ráthaíochtaí dea-iompair tar éis téarmaí fionraíochta áthdhéanta.

## 3.3 An Próiséas Dhíbearta

Leanfar próiséas cóir araon leis an bpróiséas leagtha síos faoin Acht Leasa Oideachais 2000 nuair a mholfar dalta a dhíbirt ón scoil.Nuair is léir ó iniúchadh luath ar fhíricí an droch-iompair go bhféadfadh díbirt a bheith de dhíth, leanfar na céimeanna seo a leanas;

1. Déanfar mion-fhiosrú faoi stiúir an Phríomhoide.
    a) Cuirfear an dalta agus a t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí san eolas ar na sonraí ón drochiompair liomhnaithe agus go bhféadfadh an díbirt a bheith mar thoradh air.

    b) Tabharfar gach deis don dalta agus a t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí freagra a thabhairt ar aon ghearán droch-iompair sula ndéanfar cinne ar an smachtbhanna cuí.

2. Nuair a chríochnófar leis an bhfiosrú, tabharfaidh an Príomhoide moladh don Bhórd Bainistíochta. Sa chás go moltar don Bhord Bainistíochta an dalta a dhíbirt;

    a) Cuirfear an dalta agus a t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí san eolas i scríbhinn go bhfuil an moladh díbearth á thabhairt don Bhord Bainistíochta.

b) Cinnteofar go bhfuil cóip de gach taifead ar na liomhaintí i gcoinne an dalta, cóip de gach taifead den fhiosrúchán, agus fógra scríofa de fhorais na dhíbearta atá déanta chuig an Bhórd Bainistíochta, ag tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) an dalta.

c) Tabharfar cóipeanna des na taifid chuimsitheacha chéanna don Bhórd Bainistíochta is a thugtar dos na tuismitheoirí/caomhnóirí.

d) Tabharfar fógra do thuismitheoirí ar dháta na héisteachta Bhóird Bainistíochta agus tabharfar cuireadh dóibh teacht chun na héisteachta sin.

e) Cuirfear tuismitheoirí/caomhnóirí san eolas gur féidir leo cur i láthair i scríbhinn agus ó bhéal a dhéanamh chuig an Bord Bainistíochta ag an éisteacht seo.

f) Cinnteofar go dtuigeann na tuismitheoirí/caomhnóirí an chúis leis, agus an próiséis a bhaineann leis an éisteacht Bhóird Bainistíochta seo.

g) Tabharfar deis don Phríomhoide agus dos na tuismitheoirí/caomhnóirí, nó don dalta sa chás go bhfuil sé/sí ocht mbliana déag nó níos sine, a gcás a chur roimh an Bhord Bainistíochta ag an éisteacht, agus fianaise an pártaí eile a cheistiú go díreach ann.

h) Tar éis na héisteachta, déanfaidh an Bhórd Bainistíochta cinnte nách bhfuil an Príomhoide, na tuismitheoirí/caomhnóirí agus an dalta i láthair do bhreithniúcháin an Bhóird.

i) Is féidir leis an mBord teacht ar na cinntí seo a leanas;
   i. Níl díbirt tuillte.
   ii. Ní mór smachtbhanna nó idirghabhail eile a thriall.
   iii. Tá díbirt tuillte.

J) Cuirifdh an Bord Bainistíochta a gcinntí i scríbhinn chuig tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) an dalta.

3. Sa chás go molann an Bord an dalta a dhíbirt ón scoil cuirfear an próiséis seo i bhfeidhm;

   a) Cuirfidh an Bord Bainistíochta tuairisc dá chinneadh i scríbhinn don Oifigeach Leasa Oideachais, agus cúiseanna na díbeartha.

   b) Cuirfidh an Bord Bainistíochta in iúl i scríbhinn dos na tuismitheoirí/caomhnóirí, nó don dalta sa chás go bhfuil sé/sí ocht mbliana déag nó níos sine, a gcinní, na céimeanna eile a leanann sa phróiséas, agus go bhfuil an t-Oifigeach Leasa Oideachais san eolas faoi an gcinneadh agus faoi na chúiseanna leis an gcinneadh seo.

c) Molfaidh an Bórd Bainistíochta na tuismitheoirí/caomhnóirí a bheith páirteach sa phróiséas comhairliúcháin leis an Oifigeach Leasa Oideachais.

d) Ní féidir an dalta a dhíbirt ón scoil ar feadh 20 lá ón dáta a fhaigheann an t-Oifigeach Leasa Oideachais an fógra ón mBord faoin gcinneadh an dalta a dhíbirt.

e) Rachaidh an t-Oifigeach Leasa Oideachais i gcomhairle leis an bPríomhoide, na tuismitheoirí/caomhnóirí agus leis an dalta.

f) Is féidir leis an mBord an cinneadh a dhéanamh an dalta a chur ar fionraí ón scoil don tréimhse seo.

Is féidir leis an mBord, tar éis comhairliúchain an Oifigigh Leasa Oideachais, agus tar éis cruinniú eile den Bhord, cinneadh a dhéanamh dul ar aghaidh leis an dalta a dhíbirt ón scoil. Cuirfear in iúl do thuismitheoirí/chaomhnóirí an dalta i scríbhinn an cinne díbearta agus na cúiseanna leis. Cuirfear in iúl dóibh chomh maith sa litir eolas maidir lena gcearta achomhairc a dhéanamh chuig Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí. Cuirfear in iúl dóibh freisin sa chás go dteipeann ar an achomharc chuig Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí, go bhfuil sé de cheart acu achomharc a dhéanamh chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna de réir Roinn 29 den Acht Leasa Oideachais 2000.

Ghlac Bórd Bainistíochta na scoile leis an bPolasaí seo ar an 17ú Deireadh Fómhair, 2017

Tá sé ar fáil do pháirtithe leasmhara uile na scoile.

Déanfar athbreithniú rialta air, agus athrófar é mar is gá.

Rinneadh athbhreithniú ar an bpolasaí seo ar an 19ú Bealtaine 2026.